



---

*Uimhir 16 de 1997*

---

**An tAcht um Bannaí, 1997**  
*[An tiontú oifigiúil]*

---





---

*Uimhir 16 de 1997*

---

**AN tACHT UM BANNAÍ, 1997**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**RIAR NA nALT**

Alt

1. Léiriú.
2. Bannaí a dhiúltú.
3. Iarratas ar bhannaí a athnuachan.
4. Fianaise ar thaifead coiriúil roimhe sin.
5. Airgead a íoc isteach sa chúirt, etc.
6. Coinníollacha bannaí.
7. Bannaithe leormhaithe.
8. Formhuiniú ar bharántais maidir le scaoileadh saor faoi bhannaí.
9. Cúirtbhanna a eistréatadh agus airgead arna íoc isteach sa chúirt a fhorghéilleadh.
10. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1984.
11. Leasú ar Acht 1967.
12. Aisghairm.
13. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

**AN SCEIDEAL**

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1973	1973, Uimh. 29
An tAcht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1975	1975, Uimh. 9
An tAcht um Dhamáiste Coiriúil, 1991	1991, Uimh. 31
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994	1994, Uimh. 2
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984	1984, Uimh. 22
An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1994	1994, Uimh. 15
Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935	1935, Uimh. 6
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976	1976, Uimh. 14
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990	1990, Uimh. 32
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993	1993, Uimh. 20
An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967	1967, Uimh. 12
An tAcht Cosanta, 1954	1954, Uimh. 18
<i>Explosive Substances Act</i> , 1883	46 & 47 Vict. c. 3
Acht na nArm Teine, 1925	1925, Uimh. 17
Acht na nArm Tine, 1964	1964, Uimh. 1
Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990	1990, Uimh. 12
<i>Forgery Act</i> , 1861	1861, c. 98
<i>Forgery Act</i> , 1913	1913, c. 27
Na hAchtanna um Ghoid, 1916 go 1990	
An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977	1977, Uimh. 12
<i>Offences against the Person Act</i> , 1861	1861, c. 100
An tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939	1939, Uimh. 13
<i>Punishment of Incest Act</i> , 1908	1908, c. 45
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961	1961, Uimh. 24



---

*Uimhir 16 de 1997*

---

**AN tACHT UM BANNAÍ, 1997**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I nDÁIL LE BANNAÍ,  
DO LEASÚ AN ACHTA UM NÓS IMEACHTA COIRIÚIL,  
1967, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE  
GAOLMHARA. *[5 Bealtaine 1997]*

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.**—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a Léiriú.  
mhalairt—

ciallaíonn “Acht 1967” an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967;

ciallaíonn “cúirt” aon chúirt a fheidhmíonn dlínse choiriúil ach ní  
fholaíonn sé armchúirt;

ciallaíonn “taifead coiriúil”, i ndáil le duine, taifead ar chiontuithé roimhe  
sin ar an duine mar gheall ar chionta (más ann);

ciallaíonn “cion tromaí” cion a shonraítear sa *Sceideal* a bhféadfá duine  
atá láninniúil agus nár ciontaíodh roimhe sin a phionósú ina leith le  
téarma príosúnachta ar feadh téarma 5 bliana nó le pionós is déine ná sin.

(2) San Acht seo—

(a) aon tagairt d’alt, is tagairt í d’alt den Acht seo mura gcuirtear in  
iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,

(b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír nó d’fhomhír is tagairt í d’fho-alt,  
do mhír nó d’fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura  
gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe,

(c) aon tagairt d’aon achtachán, forléireofar í mar thagairt don  
achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon  
achtachán nó faoi aon achtachán dá éis sin.

**2.**—(1) I gcás go ndéanfaidh duine atá cúisithe i gcion tromaí iarratas Bannaí a dhiúltú.  
ar bhannaí, féadfaidh cúirt diúltú don iarratas más deimhin leis an gcúirt  
go measfar le réasún an diúltú sin a bheith riachtanach chun an duine sin a  
chosc ar chion tromaí a dhéanamh.

(2) Le linn di a dlínse a fheidhmiú faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh cúirt na nithe seo a leanas a chur i gcuntas agus féadfaidh sí, i gcás gur gá sin, fianaise nó aighneachtaí maidir leo a ghlacadh—

- (a) cineál an chiona a bhfuil an duine cúisithe á chúiseamh nó á chúiseamh ann agus a thromaí atá an cion sin agus an phianbhreith is dóigh a fhorchuirfear ar chiontú,
- (b) cineál an chiona a cheaptar a rinneadh agus a thromaí atá an cion sin agus an phianbhreith is dóigh a fhorchuirfear ar chiontú,
- (c) cineál na fianaise atá ann mar thaca leis an gcúiseamh agus a láidre atá sí,
- (d) aon chiontú ar an duine cúisithe mar gheall ar chion a rinneadh le linn dó nó di a bheith faoi bhannaí,
- (e) aon chiontuithe roimhe sin ar an duine cúisithe, lena n-áirítear aon chiontú is ábhar d'achomharc (nár cinneadh ná nár tarraingíodh siar) chun cúirte,
- (f) aon chion eile ar ina leith atá an duine cúisithe á chúiseamh nó á chúiseamh agus ag feitheamh lena thriail nó lena triail,

agus, i gcás go mbeidh ceann amháin nó níos mó de na nithe sin roimhe seo curtha i gcuntas aici, féadfaidh sí a chur i gcuntas freisin go bhfuil an duine cúisithe ina andúileach nó ina handúileach i ndruga rialaithe de réir bhrí an Achta um Mí-Úsáid Drugaí, 1977.

(3) Le linn di a chinneadh an measfar le réasún é a bheith riachtanach diúltú d'iarratas ar bhannaí chun duine a chosc ar chion tromáí a dhéanamh, ní gá do chúirt a bheith deimhin de go bhfuiltear ag coinne go ndéanfaidh an duine sin cion sonrath.

Iarratas ar bhannaí a athnuachan.

3.—(1) Más rud é, maidir le hiarratas ó dhuine ar bhannaí—

- (a) go mbeidh cúirt tar éis diúltú dó faoi *alt 2*, agus
- (b) nach mbeidh tús curtha le triail an duine mar gheall ar an gcion lena mbaineann laistigh de 4 mhí ó dháta an diúltaithe sin,

ansin, féadfaidh an duine a iarratas nó a hiarratas chun na cúirte sin ar bhannaí a athnuachan ar an bhforas go raibh moill ag an ionchúisitheoir i dtaca le dul ar aghaidh lena thriail nó lena triail agus déanfaidh an chúirt, más deimhin léi gur gá é ar mhaithe leis an gceartas, an duine a scaoileadh saor faoi bhannaí.

(2) Le linn di cinneadh a dhéanamh i dtaobh iarratas faoi *fho-alt (1)* a dheonú nó diúltú é a dheonú, féadfaidh cúirt fianaise nó aighneachtaí a ghlacadh maidir leis an moill i dtaca le dul ar aghaidh le triail an duine lena mbaineann.

(3) Ní dhéanfar difear, le haon ní san alt seo, d'oibriú alt 24 d'Acht 1967.

Fianaise ar thairfead coiriúil roimhe sin.

4.—(1) In aon imeachtaí i ndáil le hiarratas dá dtagraítear in *alt 2(1)*, ní thagrófar do thairfead coiriúil roimhe sin an duine a mbeidh iarratas ar bhannaí á dhéanamh aige nó aici ar mhodh a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá cheart nó dá ceart chun triail chóir a fháil.

(2) In aon imeachtaí den sórt sin a dúradh, féadfaidh cúirt—

- (a) a ordú go n-éistfear na himeachtaí ar shlí eile seachas go poiblí, nó
- (b) gach duine a eisiámh as an gcúirt le linn na héisteachta, ach amháin oifigigh don chúirt, daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis na himeachtaí, ionadaithe *bona fide* don Phreas agus cibé daoine eile, más ann, a gceadóidh an chúirt dóibh fanacht i láthair.

(3) Ní dhéanfar, in aon tuarascáil ar aon imeachtaí den sórt sin a dúradh, aon fhaisnéis a bhaineann le taifead coiriúil an duine a mbeidh iarratas ar bhannaí á dhéanamh aige nó aici a fhoilsiú i bhfoilseachán scríofa a bheidh ar fáil don phobal ná a chraoladh.

(4) Má dhéantar aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar *fho-alt* (3), beidh na daoine seo a leanas, eadhon—

- (a) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin,
- (b) i gcás aon fhoilsiú eile, an duine a fhoilsíonn é, agus
- (c) i gcás craoladh, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna a bhíonn ag eagarthóir nuachtáin,

ciontach i gcion agus dlífear—

- (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná £10,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) San alt seo—

ciallaíonn “craoladh” tarchur, leaschraoladh nó leathadh a dhéanamh, trí raidió-theileagrafaíocht, ar chumarsáidí, fuaimheanna, síneacha, amharciómhána nó comharthaí, a bhfuil sé beartaithe go nglactar go díreach iad ag an bpobal i gcoitinne, cibé acu a ghlactar nó nach nglactar na cumarsáidí, na fuaimheanna, na síneacha, na hamharciómhána nó na comharthaí sin iarbhír;

folaíonn “foilseachán scríofa” scannán, fuaimrian agus aon taifead eile i mbuanfhoirm (lena n-áirítear taifead nach bhfuil i bhfoirm inléite ach ar féidir é a atáirgeadh i bhfoirm inléite) ach ní fholáíonn sé díotáil ná doiciméad eile a ullmhaítear lena úsáid in imeachtaí áirithe dlí.

(6) I gcás cion faoin alt seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúltheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d’airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion

agus dlífeair imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(7) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (6)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúirthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

Airgead a íoc isteach sa chúirt, etc.

5.—(1) I gcás go ndéanfaidh cúirt duine atá faoi choimeád a ligean faoi bhannaí, ní scaoilfeair saor an duine go dtí go mbeidh, maidir le haon chúirtbhanna ina rachaidh duine i dtaca leis an gcéanna—

(a) méid atá comhionann le haon trian de, nó

(b) cibé méid de is mó ná sin a chinnfidh an chúirt,

íoctha isteach sa chúirt ag an duine.

(2) (a) I gcás go ndéanfaidh cúirt duine a ligean faoi bhannaí, féadfaidh an chúirt cibé ionstraim atá ina fianaise ar theideal duine chuig maoin (seachas talamh nó aon eastát, ceart nó leas i dtalamh nó thar thalamh) a mheasfaidh sí a bheith dóthanach a ghlacadh mar urrús in ionad an duine d'íoc airgid isteach sa chúirt nó, i gcás go n-éileoidh an chúirt urra nó urraí, in ionad urra nó urraí an duine d'íoc airgid isteach sa chúirt.

(b) I gcás go nglacfaidh cúirt le leabhar taisce de chuid bainc, cumainn foirgníochta, comhair creidmheasa nó oifige poist mar urrús de bhua *mhír (a)*, déanfaidh an chúirt ordú á ordú don bhanc, don chumann foirgníochta nó don chomhar creidmheasa lena mbaineann nó don Phost, de réir mar a bheidh, gan a cheadú an t-airgead ar taisce a laghdú—

(i) faoi bhun méide atá comhionann leis an méid a cheanglaítear a íoc isteach sa chúirt, nó

(ii) faoi bhun an mhéide atá ar taisce an tráth sin,

cibé acu is lú.

(3) I gcás go ndéanfaidh cúirt duine a bheidh cúisithe i gcion a ligean faoi bhannaí agus—

(a) go ndéanfar é nó í a urscaoileadh i leith an chiona sin de bhun alt 8(5) d'Acht 1967 nó ar shlí eile,

(b) go ndéanfaidh an t-ionchúisitheoir *nolle prosequi* a thairfeadh i leith an chiona, nó

(c) go ndéanfar é nó í a chiontú, nó go gcinnfeair é nó í a bheith neamhchiontach, sa chion a bheidh sa chúiseamh nó i gcion éigin eile a bhféadfaí an cúisí a chiontú ann ar an gcúiseamh sin,

agus más rud é go mbeidh coinníollacha aon chúirtbhanna a ndeachaigh duine ann i dtaca leis sin comhlíonta go cuí, déanfaidh an chúirt a raibh an duine faoi cheangal ag a chúirtbhanna nó a chúirtbhanna láithriú os a comhair ordú go n-aisíocfar leis an duine méid aon chúirtbhanna a bheidh íoctha isteach sa chúirt ag aon duine i dtaca leis sin agus déanfaidh sí aon



ordú arna dhéanamh faoi *fho-alt (2)* a urscaoileadh agus scaoilfidh sí aon urrús ar ghlac an chúirt leis faoin bhfo-alt sin.

6.—(1) I gcás go ndéanfar duine cúisithe a ligean faoi bhannaí ar é Coinníollacha bannaí, nó í a dhul i gcúirtbhanna—

(a) beidh an cúirtbhanna, i dteannta an choinníll á cheangal air nó uirthi láithriú os comhair na cúirte ag deireadh thréimhse athchuir an duine chúisithe, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas—

(i) nach ndéanfaidh an duine cúisithe aon chion, agus

(ii) go mbeidh an duine cúisithe dea-iomprach thairis sin,

agus

(b) féadfaidh an cúirtbhanna a bheith faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh an chúirt is cuí ag féachaint d'ímthosca an cháis, lena n-áirítear, ach gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, aon cheann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(i) go mbeidh cónaí ar an duine cúisithe nó go bhfanfaidh sé nó sí i gceantar áirithe nó in áit áirithe sa Stát,

(ii) go dtiocfaidh an duine cúisithe i láthair i Stáisiún sonraithe de chuid an Gharda Síochána i gceann eatramh sonraithe,

(iii) go ndéanfaidh an duine cúisithe aon phas nó doiciméad taistil atá ina sheilbh nó ina seilbh a thabhairt suas, nó i gcás nach mbeidh pas nó doiciméad taistil ina sheilbh nó ina seilbh, go staonfaidh sé nó sí ó iarratas a dhéanamh ar phas nó ar dhoiciméad taistil,

(iv) go staonfaidh an duine cúisithe ó bheith ag freastal ar cibé áitreabh nó cibé áit eile a shonróidh an chúirt;

(v) go staonfaidh an duine cúisithe ó theagmháil ar bith a dhéanamh le cibé duine nó daoine a shonróidh an chúirt.

(2) I gcás go ndéanfaidh cúirt duine cúisithe a ligean faoi bhannaí ar é nó í a dhul i gcúirtbhanna, le hurra nó le hurraí, nó gan urra nó gan urraí, ordóidh an chúirt go dtabharfar cóip den chúirtbhanna ina mbeidh coinníollacha an chúirtbhanna don duine cúisithe agus don urra nó do na hurraí (más ann).

(3) I gcás go ndéanfaidh cúirt duine cúisithe a ligean faoi bhannaí ar é nó í a dhul i gcúirtbhanna a bheidh faoi réir ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)*, féadfaidh an chúirt sin, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici tráth ar bith ag an duine cúisithe, agus má mheasann sí gur cuí déanamh amhlaidh, coinníoll a athrú (cibé acu trí choinníoll a athrú, a chur leis nó a chúlghairm).

(4) Tabharfar fógra don ionchúisitheoir i dtaobh aon imeachtaí faoi *fho-alt (3)* agus beidh sé nó sí i dteideal éisteacht a fháil in aon imeachtaí den sórt sin.

(5) I gcás go ndéanfaidh cúirt duine a bheidh cúisithe i gcion a ligean faoi bhannaí ar é nó í a dhul i gcúirtbhanna, le hurra nó le hurraí, nó

gan urra nó gan urraí, féadfaidh an chúirt, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici ag urra nó urraí de chuid an duine chúisithe nó ag comhalta den Gharda Síochána, agus ar fhaisnéis a dhéanamh i scríbhinn agus faoi mhionn don urra nó don chomhalta sin nó thar a cheann nó thar a ceann go bhfuil an cúisí ar tí aon cheann de choinníollacha an chúirtbhanna a shárú, barántas a eisiúint chun an duine cúisithe a ghabháil.

(6) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil de bhun *fho-alt (5)* d'ainneoin an barántas lena mbaineann gan a bheith ina sheilbh nó ina seilbh tráth na gabhála.

(7) I gcás go ngabhfad duine de bhun *fho-alt (6)*, déanfaidh an comhalta a bheidh á ghabháil nó á gabháil, a luaithe is indéanta, an barántas lena mbaineann a thabhairt ar aird agus a sheirbheáil ar an duine.

(8) Déanfar duine a ghabhfad de bhun *fho-alt (6)*, a luaithe is indéanta, a thabhairt os comhair na cúirte a rinne an t-ordú á ordú go rachfaí sa chúirtbhanna.

(9) I gcás go dtabharfar duine os comhair cúirte de bhun *fho-alt (8)*, féadfaidh an chúirt an duine a chimiú chun príosúin chun feitheamh lena thriail nó lena triail nó go dtí go rachaidh sé nó sí i gcúirtbhanna as an nua nó, más ar athchur atá sé nó sí, é nó í a athchur tuilleadh.

Bannaithe  
leormhaithe.

7.—(1) Deimhneoidh cúirt di féin i ngach cás gur duine leormhaithe agus oiriúnach aon duine a mholtar a ghlacadh mar urra chun críche bannaí.

(2) Le linn di leormhaitheas agus oiriúnacht duine a mholtar a ghlacadh mar urra a chinneadh, beidh aird ag cúirt ar na nithe seo a leanas agus féadfaidh sí, i gcás gur gá sin, fianaise nó aighneachtaí maidir leo a ghlacadh:

- (a) acmhainní airgeadais an duine,
- (b) carachtar agus sinsearachta an duine,
- (c) aon chiontuithé roimhe sin ar an duine, agus
- (d) cóngas an duine leis an duine cúisithe.

Formhuiniú ar  
bharántais maidir le  
scaoileadh saor faoi  
bhannaí.

8.—(1) I gcás go n-eiseoidh cúirt barántas chun duine a ghabháil, féadfaidh an chúirt a ordú go ndéanfar, ar é nó í a ghabháil, an duine a bheidh ainmnithe sa bharántas a scaoileadh saor ar é nó í a dhul i gcúirtbhanna, le hurra nó le hurraí, nó gan urra nó gan urraí, ina mbeidh coinníoll go láithreoidh sé nó sí os comhair cúirte ar cibé dáta agus ag cibé tráth agus i cibé áit a shonrófar san fhormhuiniú, agus socrófar leis an bhformhuiniú na méideanna a mbeidh an duine agus a urra nó a urraí, nó a hurra nó a hurraí, (más ann) le cur faoi cheangal iontu, agus sonrófar ann aon choinníollacha eile a bheidh sa chúirtbhanna.

(2) I gcás go ndéanfar formhuiniú den sórt sin, déanfaidh an comhalta den Gharda Síochána a bheidh i gceannas an Stáisiúin Garda Síochána chun a dtabharfar, ar é nó í a ghabháil, an duine a bheidh ainmnithe sa bharántas, an duine sin a urscaoileadh, ar é nó í a dhul i gcúirtbhanna, le hurra nó gan urra, nó le hurraí nó gan urraí, a cheadóidh an comhalta sin agus—

- (a) ar mhéid atá comhionann le haon trian d'aon chúirtbhanna, nó

(b) ar cibé méid is mó ná sin a chinneadh an chúirt d'aon chúirtbhanna,

ina rachaidh duine a íoc.

(3) Déanfaidh comhalta den Gharda Síochána aon airgead a íocfar leis nó léi faoi *fho-alt (2)* a thaisceadh leis an gcléireach cúirte dúiche don cheantar cúirte dúiche ina bhfuil an Stáisiún Garda Síochána suite.

(4) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le duine a ghabhfar faoi alt 251 den Acht Cosanta, 1954, ar amhras gur tréigtheoir nó neamhláithrí gan chead ó Óglaigh na hÉireann é nó í.

9.—(1) Maidir le duine cúisithe a ligfear faoi bhannaí ar é nó í a dhul i gcúirtbhanna, le hurra nó le hurraí, nó gan urra nó gan urraí, ina bhfuil coinníoll go láithreoidh sé nó sí os comhair cúirte sonraithe ar dháta sonraithe agus ag tráth sonraithe agus in áit shonraithe, i gcás go mainneoidh sé nó sí láithríú de réir a chúirtbhanna nó de réir a chúirtbhanna agus go n-eiseoidh an chúirt barántas chun an duine a ghabháil, ordóidh an chúirt go ndéanfar chúirtbhanna an duine chúisithe agus chúirtbhanna aon urra nó urraí a eistréatadh agus ordóidh sí go ndéanfar an méid a d'íoc an duine cúisithe agus aon urra nó urraí isteach sa chúirt a fhorghéilleadh.

Cúirtbhanna a eistréatadh agus airgead arna íoc isteach sa chúirt a fhorghéilleadh.

(2) I gcás go ndéanfaidh cúirt duine cúisithe a ligean faoi bhannaí ar é nó í a dhul i gcúirtbhanna, le hurra nó le hurraí, nó gan urra nó gan urraí, féadfaidh an chúirt, ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána, agus ar fhaisnéis a dhéanamh i scríbhinn agus faoi mhionn don chomhalta sin nó thar a ceann nó thar a ceann gur sháraigh an duine cúisithe coinníoll (seachas an coinníoll dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*) den chúirtbhanna, barántas a eisiúint chun an duine cúisithe a ghabháil.

(3) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil de bhun *fho-alt (2)* d'ainneoin an barántas lena mbaineann gan a bheith ina sheilbh nó ina seilbh tráth na gabhála.

(4) I gcás go ngabhfar duine de bhun *fho-alt (3)*, déanfaidh an comhalta a bheidh á ghabháil nó á gabháil, a luaithe is indéanta, an barántas lena mbaineann a thabhairt ar aird agus a sheirbheáil ar an duine.

(5) I gcás go mbeidh barántas arna eisiúint faoi *fho-alt (2)*, leanfaidh an cúisí agus aon urra nó urraí de bheith faoi cheangal ag a gcúirtbhannaí agus ní dhéanfar aon airgead arna íoc isteach sa chúirt i dtaca leis na chúirtbhannaí a scaoileadh sula dtabharfar aon imeachtaí faoin alt seo chun críche.

(6) Déanfar duine a ghabhfar de bhun an ailt seo, a luaithe is indéanta, a thabhairt os comhair na cúirte a rinne an t-ordú á ordú go rachfaí sa chúirtbhanna.

(7) I gcás go dtabharfar duine os comhair cúirte de bhun *fho-alt (6)* agus gur deimhin leis an gcúirt gur sháraigh an duine coinníoll de chuid a chúirtbhanna nó de chuid a chúirtbhanna, ordóidh an chúirt go ndéanfar chúirtbhanna an duine agus aon urra nó urraí a eistréatadh agus go ndéanfar an t-airgead a d'íoc an duine cúisithe agus aon urra nó urraí isteach sa chúirt, nó aon chuid de, a fhorghéilleadh.

(8) I gcás go ndéanfaidh cúirt ordú faoi *fho-alt (1)* nó (7), tabharfar fógra don duine cúisithe agus d'aon urra nó urraí lena mbaineann á rá

go bhféadfar iarratas a dhéanamh chun na cúirte laistigh de 21 lá ó dháta déanta an ordaithe chun an t-ordú a athrú nó a urscaoileadh.

(9) I gcás go ndéanfaidh duine iarratas faoi *fho-alt (8)*, féadfaidh an duine uirill a dhéanamh i ndáil leis an ordú agus féadfaidh an chúirt, ag féachaint d'aon uirill den sórt sin, más deimhin léi gur gá é ar mhaithe leis an gceartas, an t-ordú a athrú nó a urscaoileadh.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1984.

**10.**—Leasaítear alt 11 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Más rud é, maidir le cúirt—

(a) go mbeidh an phianbhreith a fhorchuirfear ar duine mar gheall ar chion arna dhéanamh le linn dó nó di a bheith faoi bhannaí á cinneadh aici,

agus

(b) go mbeidh de cheangal uirthi le fo-alt (1) dhá phianbhreith nó níos mó as a chéile a fhorchur,

ansin déileálfar leis an bhfioras go ndearnadh an cion le linn don duine a bheith faoi bhannaí mar thoisic is tromú ar an gcion chun críocha an phianbhreith a chinneadh, agus déanfaidh an chúirt (ach amháin i gcás gur pianbhreith phríosúnachta saoil an phianbhreith mar gheall ar an gcion roimhe sin nó i gcás go measfaidh an chúirt go bhfuil imthosca eisceachtúla ann le nár chóir déanamh amhlaidh) pianbhreith a fhorchur a bheidh níos faide ná an phianbhreith a d'fhorchuirfí cheal toisce den sórt sin.”.

Leasú ar Acht 1967.

**11.**—(1) Leasaítear leis seo Acht 1967—

(a) in alt 26, trí “nó feidhmeannach síochána” a scriosadh, agus

(b) in alt 28—

(i) trí “nó feidhmeannach síochána” a scriosadh i bhfo-alt (1), agus

(ii) trí “nó feidhmeannach síochána” a scriosadh i bhfo-alt (4), agus

(c) in alt 33, trí “nó feidhmeannach síochána” a scriosadh i bhfo-alt (1).

Aisghairm.

**12.**—Aisghairtear leis seo ailt 27, 30 agus 33 d'Acht 1967.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

**13.**—(1) Féadfar an tAcht um Bannaí, 1997, a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire Dlí agus Cirt faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críocha éagsúla agus le haghaidh forálacha éagsúla.

## AN SCEIDEAL

Alt 1.

*Cionta faoin dlí coiteann*

1. Dúnmharú.
2. Dúnorgain.
3. Ionsaí dá dtagann díobháil choirp.
4. Fuadach.
5. Príosúnú neamhdhleathach.
6. Banéigean.

*Cionta in aghaidh an duine*

7. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den *Offences against the Person Act, 1861*—

- (a) alt 18 (*wounding with intent to do grievous bodily harm*);
- (b) alt 20 (*causing grievous bodily harm*).

8. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994—

- (a) alt 18 (ionsaí le hintinn díobháil choirp nó cion indíotáilte a dhéanamh);
- (b) alt 19 (ionsaí nó bac ar oifigeach síochána).

*Cionta gnéasacha*

9. Aon chion faoi alt 1 (*incest by males*) agus alt 2 (*incest by female of or over 17 years*) den *Punishment of Incest Act, 1908*.

10. Aon chion faoi alt 1 (cailín fé bhun cúig mbliana déag d'aois do thruailliú) agus alt 2 (cailín idir cúig bliana déag agus seacht mbliana déag d'aois do thruailliú) d'Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935.

11. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990—

- (a) alt 2 (ionsaí gnéasach);
- (b) alt 3 (tromionsaí gnéasach);
- (c) alt 4 (banéigean faoi alt 4).

12. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993:

- (a) alt 3 (bugaireacht ar dhaoine faoi bhun 17 mbliana d'aois);
- (b) alt 5 (daoine ar a bhfuil mallachar meabhrach a chosaint);
- (c) ailt 9 agus 11 (striapachas, etc. a eagrú).

*Pléascáin*

13. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den *Explosive Substances Act, 1883*—

- (a) alt 2 (*causing explosion likely to endanger life or damage property*);
- (b) alt 3 (*possession etc. of explosive substances*);
- (c) alt 4 (*making or possessing explosives in suspicious circumstances*).

*Airm tine*

14. Aon chion faoi alt 15 d'Acht na nArm Teine, 1925 (arm tine nó lón lámhaigh a shealbhú le hintinn beo duine a chur i mbaol nó tromdhíobháil a dhéanamh do mhaoín).

15. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas d'Acht na nArm Tine, 1964—

- (a) alt 26 (arm tine a bheith ag duine agus é ag tógáil feithicle gan údarás);
- (b) alt 27 (arm tine a úsáid chun comhrac in aghaidh gabhála nó cabhrú le héalú);
- (c) alt 27A (arm tine nó lón lámhaigh a shealbhú in imthosca amhrasacha);
- (d) alt 27B (arm tine a iompar le hintinn choiriúil).

16. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990—

- (a) alt 8 (arm tine a scaoileadh go meargánta);
- (b) alt 9 (sceana agus airteagail eile a shealbhú);
- (c) alt 10 (foghail a dhéanamh le scian, le harm ionsaithe nó le hairteagal eile);
- (d) alt 11 (taispeáint airteagail a d'fhéadfadh mórdhíobháil a dhéanamh).

*Robáil agus buirgléireacht*

17. Aon chion faoi fhorálacha na nAchtanna um Ghoid, 1916 go 1990.

18. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991—

- (a) alt 2 (damáiste a dhéanamh do mhaoín);
- (b) alt 3 (bagairt damáiste a dhéanamh do mhaoín);
- (c) alt 4 (aon rud a shealbhú le hintinn damáiste a dhéanamh do mhaoín).

*Cionta maidir leis na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre*

19. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961—

- (a) alt 53 (tiomáint chontúirteach is cúis le bás nó mórdhíobháil choirp);
- (b) alt 112 (duine do thabhairt feithicil leis gan údarás).

*Cionta maidir le haerárthaí agus feithiclí*

20. Aon chion faoi alt 11 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1973 (aerárthach a urghabháil go neamhdhleathach).

21. Aon chion faoi alt 3 den Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 1975 (gníomhartha neamhdhleathacha in aghaidh shábháilteacht na heitlíochta).

22. Aon chion faoi alt 10 den Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976 (feithiclí a urghabháil go neamhdhleathach).

*Cionta brionnaithe, etc.*

23. Aon chion faoi alt 3 (*personating the owner of certain stock and transferring or receiving or endeavouring to transfer or receive stock or dividends*) den Forgery Act, 1861.

24. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den Forgery Act, 1913—

- (a) alt 2 (*forgery of certain documents with intent to defraud*);
- (b) alt 3 (*forgery of certain documents with intent to defraud or deceive*);
- (c) alt 5 (*forgery of seals and dies*);
- (d) alt 7 (*demanding property on forged documents*);
- (e) alt 8 (*possession of forged documents, seals and dies*);
- (f) alt 9 (*making or having in possession paper or implements for forgery*).

*Cionta in aghaidh an Stáit*

25. Aon chion faoi fhorálacha an Achta um Chiontaí in Aghaidh an Stáit, 1939.

26. Tréas.

*Cionta maidir le drugaí*

27. Cion i leith gáinneáil ar dhruaí de réir bhrí alt 3(1) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

*Cionta oird phoiblí*

28. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994—

(a) alt 14 (círéib);

(b) alt 15 (mí-ord foréigneach);

(c) alt 16 (gráscar).

*Comhchoirithe*

29. Aon tagairtí sa Sceideal seo do chion, folaíonn siad tagairtí do pháirteachas mar chomhchoiri de chuid duine a dhéanann an cion.

*Iarrachtaí agus comhcheilg*

30. Cion ar iarracht nó comhcheilg é chun aon chion a luaitear i mír roimhe seo den Sceideal seo a dhéanamh.





---

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR  
Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,  
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.  
Teil: 046 942 3100  
r-phost: [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie)  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE  
To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,  
DUBLIN, D08 XAO6.  
Tel: 046 942 3100  
Email: [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie)  
or through any bookseller.

€2.54



9 781399 308694